



North South Ministerial Council  
An Chomhairle Aireachta  
Thuaidh Theas

# An Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2008

Health  
Aquaculture and Marine  
Transport  
Special EU Programmes  
Food Safety  
Language  
Environment  
Education  
Tourism  
Trade and Business Development  
Agriculture  
Inland Waterways



## CLÁR

Réamhrá na gComhrúnaithe	5
Caibidil a hAon Achoimre ar Phríomhfhorbairtí	7
Caibidil a Dó Cruinniú Iomlánach CATT	11
Caibidil a Trí Cruinnithe CATT I Bhformáid Earnála	15
3.1 Talmhaíocht	17
3.2 Oideachas	18
3.3 Comhshaol	20
3.4 Sláinte	21
3.5 Turasóireacht	22
3.6 Iompar	23
3.7 Dobharshaothrú agus Muir	25
3.8 Sábháilteacht Bia	27
3.9 Uiscebhealaí Intíre	29
3.10 Teanga	31
3.11 Cláir Speisialta AE	33
3.12 Forbairt Trádála agus Gnó	35
Aguisín a hAon An Chomhairle Aireachta Thuaidh-Theas An Chomhrúnáireacht	37
Aguisín a Dó Comhaltaí Boird na gComhlachtaí Thuaidh/Theas	39



# RÉAMHRÁ NA GCOMHRÚNAITHE

Aquaculture and Marine Matters

## RÉAMHRÁ

Is údar áthais dúinn a thuairisciú gur bhliain í an bhliain 2008 inar tharla breis comhdhlúthaithe sa Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas.

Tionóladh cruinníú lomlánach CATT in Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan ar an 7 Feabhra 2008; d'éirigh go maith leis an gcruinníú ag a raibh obair na Comhairle faoi chaibidil ag Airí. Bhí Cosaint Leanaf ar cheann de na saincheisteanna praiticiúla a cuireadh chun cinn ag an gcruinníú inar aontaigh Airí obair a ceapadh chun cur le comhoibriú agus le comhar ar an tsaincheist íogair thábhachtach seo a thabhairt chun cinn.

Lean na hAirí ag cruinnithe CATT ar feadh na bliana leis an maoirsiú a bhí ar bun ar obair na gComhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh Theas agus obair Tourism Ireland. Chuir Cathaoirligh agus Príomhoifigigh Feidhmiúcháin tuarascálacha ar dhul chun cinn faoi bhráid na nAirí agus d'athbhreithnigh na hAirí cuspóirí agus spriocanna bunaithe ar na pleananna gnó agus phléigh siad obair a bheadh ar bun ag na Comhlachtaí sa todhchaí. Dhírigh na hAirí a n-aird ar a chinntiú go bhfaigheadh an dá dlínse an luach is fearr is féidir ar airgead de bharr obair na gComhlachtaí.

Lean na hAirí chomh maith le hobair, a rachadh chun leasa an dá dhlínse i Réimsí Comhoibríthe CATT, a chur chun cinn ar mhaith le tairbhí inláimhsithe a bhaint amach. Ar na saincheisteanna a ndearnadh dul chun cinn orthu bhí an t-uasghrádú ar bhóthar an A5 (ó Achadh na Cloiche go dtí an tIarlthuaisceart) agus an A8 (Béal Feirste – Latharna), comhiarrachtaí chun dramhaíl a dumpáladh go mídhleathach ar láithreacha i dTuaisceart Éireann a dhíúscairt, athoscailt stráice de Chanáil Uladh, comhar maidir le tabhairt faoi thearcghnóthachtáil san oideachas, straitéis a fhorbairt ar shláinte ainmhithe agus féinmharú a chosc.

Tá ag éirí go han-mhaith leis an suíomh gréasáin nua a sheol na hAirí i nDeireadh Fómhair 2007. Tá eolas ar an suíomh gréasáin a chabhródh le daoine a bhfuil sé beartaithe acu a bheith ina gcónaí, ag obair nó ag staidéar sa dlínse eile agus mhéadaigh an úsáid a baineadh as an suíomh gréasáin go 10,000 amas in aghaidh na míosa le linn na bliana. Thosaigh an



Rúnaireacht ag obair chomh maith ar phinsin a aistriú ar bhonn trasteorann agus ar shaincheisteanna baincéireachta trasteorann. Bhí torthaí dearfacha ag eascairt as an obair seo faoi dheireadh na bliana.

Lean an Rúnaireacht leis an gcomhphlé torthúil le heagraíochtaí ar ábhar a bhainfeadh le hobair CATT, amhail comhpháirtíochtaí trasteorann, eagraíochtaí pobail agus deonacha, Cumainn Lucht Tráchtála agus údarais áitiúla i réigiúin na teorann.

Tá an Rúnaireacht lonnaithe in Ard Mhacha agus tá dea-chaidreamh acu le hionadaithe áitiúla tofa, le hionadaithe gnó, eaglaise agus cathartha. Bhuaigh Comhairle Cathrach agus Dúiche Ard Mhacha an tairiscint le linn na bliana chun cóiríocht nua a thógáil don Rúnaireacht. Táimid ag tnúth arís le dea-chomhpháirtíocht inár gcuid oibre leis an gComhairle an bhliain seo chugainn.

Mary Bunting  
Comhrúnaí (Thuaidh)

Tom Hanney  
Comhrúnaí (Theas)

CAIBIDIL A HAON

## ACHOIMRE AR PHRÍOMHFHORBAIRTÍ

Aquaculture and Marine Matters

The background of the page features a series of overlapping, semi-transparent blue circles of varying shades. Overlaid on these circles are several large, light blue arrows pointing in various directions, creating a sense of movement and progress. The overall aesthetic is clean and modern, with a focus on blue tones.

## Caibidil a hAon: Achoimre ar Phríomhforbairtí

### CÚLRA

1.1 Tá obair na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas (CATT) sa tréimhse idir Eanáir agus Nollaig na bliana 2008 faoi chaibidil sa Tuarascáil seo. Tionóladh dhá chruinniú dhéag de CATT le linn na bliana – cruinniú lomlánach ab ea ceann amháin agus cruinnithe earnála ab ea an t-aon cheann déag eile.

1.2 Tugtar na cruinnithe de chuid CATT a tionóladh sa bhliain 2008 sa tábla seo thíos:

Cruinniú CATT	Dáta	Láthair
Iomlánach	7 Feabhra	Dún Dealgan
Talmhaíocht	30 Aibreán	Inis Ceithleann
Iompar	21 Bealtaine	An Mullach Bán
Dobharshaothrú agus Muir	21 Bealtaine	Baile Átha Cliath
Sláinte & Sábháilteacht Bia	28 Bealtaine	Béal Feirste
Oideachas	28 Bealtaine	Dún Pádraig
Turasóireacht	29 Bealtaine	Inis Ceithleann
Forbairt Trádála & Gnó	29 Bealtaine	Inis Ceithleann
Dobharshaothrú agus Muir	26 Meitheamh	Béal Feirste
Uiscebhealaí Intíre	4 Iúil	Léim an Mhadaidh
Teanga	4 Iúil	Léim an Mhadaidh
Oideachas	10 Nollaig	Baile Átha Cliath

1.3 Rinne na hAíreí cinntí tábhachtacha ag na cruinnithe seo a bhain le hobair na gComhlachtaí Forfheidhmithe Thuaidh Theas agus obair Tourism Ireland Limited (na Comhlachtaí) agus leis na Réimsí Comhoibrithe. Tugtar sonraí iomlána faoina raibh faoi chaibidil ag na cruinnithe sin lena n-áirítear ceisteanna a bhain le rialachas corparáideach sna Comhlachtaí agus dul chun cinn i gcláir oibre na Réimsí Comhoibrithe i gcaibidil 2 agus 3.

#### TIONSCADAL NUA CÓIRÍOCHTA CHOMHRÚNAIREACHT CATT

1.4 Ba mhór an dul chun cinn a rinneadh ó thaobh cóiríocht nua shaintógtha a fháil i gcomhair Chomhrúnaireacht CATT in Ard Mhacha. Bronnadh an tairiscint chun cóiríocht nua a thógáil ar Chomhairle Cathrach agus Dúiche Ard Mhacha tar éis comórtas soláthair phoiblí. Tabharfaidh Comhairle Cathrach agus Dúiche Ard Mhacha an foirgneamh ar léas do

Chomhrúnaireacht CATT. Beidh soláthar cóiríocht oifige agus saoráidí sa chóiríocht nua chun go mbeidh CATT ábalta cruinnithe a thionól inti agus ba chóir go mbeadh an chóiríocht ar fáil sa bhliain 2010. Tugadh na caighdeáin is airde comhshaoil agus spárála fuinnimh san áireamh sa dearadh agus is saothar taispeántais ar an úsáid a bhaintear as teicneolaíochtaí nua sna réimsí sin a bheidh ann d’Ard Mhacha. Beidh feidhm aige chomh maith ó thaobh ceantar faoi mhíbhuntáiste sa chathair a athbheochan.

#### SAINCHEISTEANNA SOGHLUAISTEACHTA

1.5 Is ag gabháil ó neart go neart atá an Suíomh Gréasáin ar Shoghluaisteacht Trasteorann [www.borderpeople.info](http://www.borderpeople.info) a sheol Aíreí i nDeireadh Fómhair 2007. Tugtar isteach agus amach le 10,000 cuairt ar an suíomh gréasáin in aghaidh na míosa tar éis feachtas margáíochta ar éirigh go maith leis sa samhradh. Is eolas gur féidir teacht air go héasca faoin tseirbhís phoiblí atá ar an suíomh gréasáin do dhaoine ar mian leo bogadh thar teorainn chun bheith ina gcónaí, ag obair nó ag staidéar ann.

1.6 Bhunaigh CATT dhá mheitheal – ceann chun roghanna chun cinn a chíoradh maidir le cearta pinsean a aistriú ar bhonn trasteorann agus ceann eile a bhain le scrúdú a dhéanamh ar shaincheisteanna baincáireachta trasteorann lena n-áirítear táillí beart.

1.7 Maidir leis an **mbaincáireacht** d’aontaigh líon áirithe de bhainc eolas a thabhairt ar an gcostas a ghearrtar ar ghnáthbhearta pearsanta baincáireachta trasteorann. Foilsíodh an t-eolas sin i bhfoirm tábla comparáide ar [www.borderpeople.info](http://www.borderpeople.info) agus b’amhlaidh a tharla gurbh í sin an chéad uair ar bhain trédhearacht de shórt éigin leis na costais sin.

1.8 Maidir le **pinsin**, agus an éagsúlacht i gcomhshocraíochtaí pinsean á dtabhairt san áireamh sna hearnálacha poiblí sa dá dhlíne, chinn an mheitheal inaistrítheacht pinsin mhúinteoirí a bhreithniú mar chás staidéir ar leith ó tharla gur ardaíodh an cheist sa CATT.

1.9 Cuirfidh an dá mheitheal tuarascáil faoi bhráid CATT sa bhliain 2009.

#### IMEACHTAÍ FOR-ROCHTANA

1.10 Gné thábhachtach d’obair Chomhrúnaireacht CATT is ea gníomhaíochtaí CATT a chur in iúl go héifeachtach. Thug an Rúnaireacht freagra ar iarrataí ar chruinnithe faisnéise i rith na bliana ó raon leathan de ghrúpaí leasmhara lena n-áirítear: mic léinn ó Ollscoil Notre



Dame; Comhaltachtaí Chevening; oifigigh shinsearacha thar ceann Rialtas na Cróite; mic léinn ar Chlár Ambasadóirí Óga Mheiriceá; mic léinn Phalaistíneacha urraithe ag Ionad Ghleann Crí um Shíocháin agus Athmhuintearas; Societé Français des Études Irlandaises; Comhairle Thuaisceart Éireann um Ghníomh Deonach, agus Owen Patterson, Scáthrúnaí Stáit Thuaisceart Éireann.

1.11 Lean an Rúnaireacht chomh maith leis an gcomhphlé le grúpaí agus le heagraíochtaí a bhíonn rannpháirteach i gcomhoibriú i réigiúin na teorann lena n-áirítear grúpaí pobail, comhpháirtíochtaí trasteorann agus ceannairí gnó agus oifigigh ó Chumann Lucht Tráchtála agus ó údarais áitiúla san Iúr agus i nDún Dealgan agus san Iarthuaisceart.

1.12 Áiríodh ar bhuaicphointí na bliana ócáid a tionóladh in Ard Mhacha i mBealtaine a bhí dírithe go sonrach ar an gcultúr Éireannach agus ar an gcultúr Ultach-Albanach, agus ag ar sheinn Ceolfhoireann Trasteorann na hÉireann agus ag a raibh taibhiú ón Urramach Gary Hastings agus Brian Mullen. D'fhreastail breis is 200 duine lena n-áirítear na hAirí Feidhmiúcháin, Conor Murphy, MP, MLA agus Jeffrey Donaldson, MP, MLA, ar an ócáid a thionóil Rúnaireacht CATT i gcomhar le Foras na Gaeilge agus leis an nGníomhaireacht Ultach-Albanach.



I láthair ag an ócáid i mBealtaine 2008 chun comóradh a dhéanamh ar an gcultúr Éireannach agus ar an gcultúr Ultach-Albanach ó chlé bhí Tom Hanney, Comhrúnaí, Jeffrey Donaldson, MP, MLA, Conor Murphy, MP, MLA, agus Mary Bunting, Comhrúnaí



# CAIBIDIL A DÓ

## CRUINIÚ IOMLÁNACH CATT

Aquaculture and Marine Matters

The background of the page is a light blue gradient with several large, overlapping circular and semi-circular shapes. Overlaid on these shapes are several thick, light blue arrows pointing in various directions, primarily towards the upper right. The overall aesthetic is clean and modern.



I láthair ag Cruinniú Iomlánach na CATT i nDún Dealgan bhí an LeasChéad-Aire Martin McGuinness, MP, MLA, An Taoiseach, Bertie Ahern agus an Chéad-Aire, an Ró-Onórach Ian Paisley, MP, MLA.

2.1 Thionóil an CATT Cruinniú Iomlánach in Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan ar an 7ú Feabhra. Ba é an Taoiseach, Bertie Ahern T.D, a bhí i gceannas ar thoscaireacht na hÉireann agus ba é a bhí ina chathaoirleach ar an gCruinniú. Ba iad an Chéad-Aire, an Ró-Onórach an Dr Ian Paisley MP, MLA agus an LeasChéad-Aire, Martin McGuinness MP, MLA a bhí i gceannas ar thoscaireacht Thuaisceart Éireann.

2.2 Rinne an Chomhairle an méid seo ag an gCruinniú:

- thacaigh siad leis an dul chun cinn a bhí déanta, lena n-áirítear comhaontú at struchtúr bainistíochta chun na cinní faoi thionscadal bhóthar an A5 (Tairseach an Iarthuaiscirt go dtí Achadh na Cloiche) agus bhóthar an A8 (Béal Feirste – Latharna) a thabhairt chun cinn agus d'fháiltigh siad roimh an dul chun cinn atá déanta go dáta ar thogra Dhroichead an Chaol Uisce;
- d'fháiltigh siad roimh an gcomhaontú faoi na rialacha mionsonraithe chun athoscailt an stráice de Chanáil Uladh idir Cluain Eois agus Loch Éirne Uachtair a thabhairt chun cinn;
- bhí siad ag súil leis go ndéanfaí measúnú go luath ar na roghanna faoin bhforbairt atá le déanamh sa todhchaí ar an tseirbhís iarnróid, Fiontar Baile Átha Cliath/Bhéal Feirste, i ndáil le minicíocht mhéadaithe na seirbhíse agus le huaireanta laghdaithe taistil;
- chomhaontaigh siad go mbainfidh ardtosaíocht i gcónaí leis an gcomhoibriú faoi Shábháilteacht ar Bhóithre lena n-áirítear aitheantas a thabhairt do dhícháilíocht tiomána agus do phointí pionóis agus do shábháilteacht ar bhóithre i limistéir na teorann;
- chomhaontaigh siad go bhfuil ionchur mór ag an earnáil turasóireachta san fhorás eacnamaíoch agus san fhostaíocht agus d'fháiltigh siad roimh spriocanna dúshlánacha Tourism Ireland chun forás idir 6.6-7.5% sa bhliain a chur faoin ioncam as an turasóireacht, forás idir 4.2-5.1% sa bhliain a chur faoin líon cuairteoirí agus forás so-mhargaithe idir 14.0 go 17.2% a bheith ann sa tréimhse 3 bliana seo chugainn;

- bhí siad ag tnúth le tuarascálacha ó na Meithleacha a bunaíodh ag cruinniú a bhí ag CATT i bhformáid na bhForas i nDeireadh Fómhair 2007 ar aistriú pinsean ar bhonn trasteorann agus ar shaincheisteanna baincéireachta trasteorann a bhfuil ábharthacht dhíreach leo maidir le níos mó soghluaisteachta trasteorann;
- d'fháiltigh siad roimh an deis Saincheisteanna faoi Chosaint Leanaí a phlé sa CATT mar aon lena bhreithniú cé mar a d'fhéadfaí bearta éifeachtacha ar chosaint leanaí a fhorbairt trí chomhar agus trí chomhoibriú níos fearr;
- thug siad faoi deara an comhoibriú trasteorann atá ann faoi láthair ar Chosaint Leanaí ina bhfuil Ranna, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí póilíneachta páirteach agus d'fháiltigh siad roimhe;
- d'iarr siad ar an Roinn Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí agus ar Oifig an Aire Leanaí grúpa trasteorann d'oifigigh as ranna iomchuí a bhunú agus cathaoirleacht a dhéanamh air d'fhonn an comhoibriú ar Chosaint Leanaí a neartú lena n-áireofaí:
  - a. dul chun cinn go luath ar fheachtas uile-oileáin ar fheasacht faoi Chosaint Leanaí;
  - b. bearta meántéarmacha/fadtéarmacha eile a aithint chun Cosaint Leanaí a fheabhsú, lena n-áirítear scrúdú a dhéanamh ar chur chuige uile-oileáin ar chosaint leanaí, agus díriú go háirithe ar ghrinnfhiosrúchán agus ar mhalairt faisnéise;
  - c. réimse comhoibrithe ar bith ar sheirbhísí do leanaí a thioctadh as an Staidéar Féidearthachta Thuaidh Theas ar sheirbhísí sláinte agus sóisialta; agus an dul chun cinn a thuairisciú ag an gcéad chruinniú lomlánach eile den CATT.
- thug siad faoi deara an dul chun cinn a rinne Grúpa Athbhreithnithe Chomhaontú Chill Rímhinn go dáta maidir leis an Athbhreithniú a thabhairt chun cinn agus go mbeartaítear an tuarascáil deiridh a chur faoi bhráid chruinniú lomlánach den CATT níos déanaí sa bhliain 2008;
- thug siad faoi deara comhairliúchán Rialtas na hÉireann lena gcomhpháirtithe sóisialta faoi ábhar an Fhórait Chomhairligh Thuaidh Theas agus thug siad faoi deara an seasamh faoi mar a tugadh breac-chuntas air roimhe seo chun athbhreithniú a dhéanamh ar an bFóram Cathartha i dTuaisceart Éireann; agus
- thug siad faoi deara an plé atá ag leanúint ar aghaidh idir Tithe an Oireachtais agus Comhthionól Thuaisceart Éireann ar an bhFóram Parlaiminte Thuaidh Theas agus chomhaontaigh siad an t-ábhar seo a choinneáil faoi athbhreithniú.



# CAIBIDIL A TRÍ

## CRUINNITHE CATT I BHFORMÁID EARNÁLA

Aquaculture and Marine Matters

The background features a series of overlapping, semi-transparent blue circles of varying shades. Overlaid on these circles are several large, light blue arrows pointing in various directions, creating a sense of movement and flow. The overall aesthetic is clean and modern, typical of a professional report or document cover.

## Réamhrá

Tugtar achoimre sa chaibidil seo ar chruinnithe CATT i bhformáid earnála sa bhliain 2008. Is féidir na Teachtaireachtaí Comhpháirteacha ó na cruinnithe seo a fháil ar [www.northsouthministerialcouncil.org](http://www.northsouthministerialcouncil.org).



# Talmhaíocht



Clé go Deas - Éamon Ó Cuív TD, An tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, Máire Ní Chochláin TD, An tAire Talmhaíochta, lascaigh agus Bia agus Michelle Gildernew, MP, MLA, An tAire Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe

Cruinniú	Dáta	Láthair
Talmhaíocht	30 Aibreán	Inis Ceithleann

3.1.1 Ba iad Michelle Gildernew, MP, MLA, An tAire Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe agus Arlene Foster, MLA, An tAire Comhshaoil a rinne ionadaíocht thar ceann Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann ag an gcruinniú seo. Ba iad Máire Ní Chochláin TD, An tAire Talmhaíochta, lascaigh agus Bia agus Éamon Ó Cuív TD, An tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, a rinne ionadaíocht thar ceann Rialtas na hÉireann.

3.1.2 Thug na hAíreí faoi deara an dul chun cinn ar Straitéis Uile-Oileáin ar Shláinte Ainmhithe agus Leasa ag an gcruinniú seo chomh maith le pleananna chun imeacht trasteorann a réachtáil sa todhchaí i gcomhar le príomhpháirtithe leasmhara talmhaíochta ón dá dhlíne chun an cur chuige straitéiseach uile-oileáin a phlé. Maidir le sláinte plandaí agus lotnaidicídí, d'aithin an Chomhairle gur ghá cur chuige níos straitéisí a fhorbairt i leith comhoibriú trasteorann agus d'aontaigh siad Grúpa Stiúrtha a bhunú chun réimsí comhleasa a aithint.

3.1.3 Tharla plé fairsing chomh maith ar shaincheisteanna gur cásanna comónta inní iad i ndáil le Comhbheartas Talmhaíochta an AE. D'fháiltigh siad roimh leasuithe a rinneadh ar an CAP le gairid go háirithe an simpliú suntasach atá déanta cheana féin ar an Scéim um Aoníocaíocht Feirme.

3.1.4 Maidir le forbairt tuaithe, phléigh na hAíreí cur chuige nuálach agus straitéiseach i leith comhar agus comhoibriú ar Chláir Forbartha Tuaithe a dhíreofaí ar athmhuintearas a chothú i limistéir iargúlta faoin tuath agus ar athbheochan eacnamaíoch na réigiún faoi mhíbhuntáiste ar an teorainn a chomhlánú. I ndáil le Cláir an AE (2007-2013), cuireadh moltaí chun cinn do Thionscadal um Cheantair Thuaithe a Chumasú, faoin gClár PEACE III, a bhfuil mar aidhm aige daoine faoin tuath ón dá thraidisiún agus imirigh a thabhairt le chéile chun cur leis an gcomhthuiscint agus chun oibriú i gcomhar chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna seicteachais agus ciníochais i gcomhthéacs tuaithe. Moltar tionscadal trasteorann faoin gClár INTERREG IVA chun tionscnaimh shaincheaptha forbartha tuaithe a chur chun cinn i líon áirithe de na réigiúin tuaithe is mó atá faoi mhíbhuntáiste.

# Oideachas



I láthair ag cruinniú CATT i nDún Pádraig bhí Caitriona Ruane MLA, An tAire Oideachais agus Batt O’Keeffe TD, An tAire Oideachais agus Eolaíochta.

Cruinniú	Dáta	Láthair
Oideachas	28 Bealtaine	Dún Pádraig
Oideachas	10 Nollaig	Baile Átha Cliath

3.2.1 Ba é Batt O’Keeffe TD, An tAire Oideachais agus Eolaíochta a rinne ionadaíocht thar ceann Rialtas na hÉireann ag an dá chruinniú seo. Ba í Caitriona Ruane, MLA, An tAire Oideachais a rinne ionadaíocht thar ceann Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann ag an dá chruinniú. Rinne Edwin Poots MLA, An tAire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta ionadaíocht thar ceann an Fheidhmeannais freisin ag cruinniú mhí na Bealtaine agus rinne an tAire Sóisearach Jeffrey Donaldson, MP, MLA, ionadaíocht thar ceann an Fheidhmeannais freisin ag cruinniú mhí na Nollag.

3.2.2 Ghlac na hAíré le moltaí chun obair a dhéanamh ar Thearcghnóthachtáil san Oideachas sa toadhcaí a dhíreofar i dtús báire ar idirghabháil chun tacú le tuismitheoirí agus le teaghlaigh cúnamh a thabhairt dá leanáí leis an oideachas agus leis na dúshláin a bhíonn roimh leanáí as na cúlaí is mó atá faoi mhíbhuntáiste. Thug siad faoi deara chomh maith an tuairisc dhearfach a tháinig as an gcomhdháil chomhpháirteach rathúil ar uimhearthacht, an chéad cheann dá leithéid riamh. Tá na

réimsí a aithníodh sa tuarascáil lena thuilleadh forbartha a dhéanamh orthu, lena n-áirítear comhar a d’fhéadfadh a bheith i réimse na matamaitice in oideachas bunaidh múinteoirí, á mbreithniú ag an dá Roinn.

3.2.3 Ba mhór ag Aíré gur bhunaigh An Roinn Oideachais Tascfhórsa ar Oideachas don Lucht Siúil a thabharfaidh raon leathan de pháirtithe leasmhara ar an oileán le chéile. Ina theannta sin, moltar comhdháil Thuaidh Theas a thionól ar Dhea-Chleachtas san Oideachas don Lucht Siúil i Márta 2009. Fáiltíodh chomh maith roimh mhóladh go dtionólfáí imeacht foghlama do phiaráí i Márta 2009 ar thinreamh scoile agus bhí na hAíré ag tnúth le tuarascáil dul chun cinn a fháil ag an gcéad chruinniú eile.

3.2.4 Maidir le Cáilíochtaí Múinteoirí, thug na hAíré faoi deara an obair leanúnach atá ar siúl maidir le seimineáir a reáchtáil d’ábhair mhúinteoirí chun eolas a chur ar fáil faoi na ceanglais cháilíochta ó thaobh na Gaeilge de atá ag gabháil le bheith ag múineadh i scoileanna an Deiscirt, an comhar leanúnach ar shaincheisteanna forbartha ceannaireachta agus ar thionscadal comhpháirteach taighde ar conas is fearr ceannairí nua scoile a mhealladh agus a mhúnlú.

3.2.5 Maidir le réimse na Riachtanas Speisialta Oideachais, thug na hAirí faoi deara go ndearnadh a thuilleadh dul chun cinn ar sheirbhísí arna soláthar ag an Ionad uile-oileáin d'Uathachas i gCoillidh Chanannáin agus an obair atá ar bun ag foireann an Ionaid chun dul i gcomhairle le tuismitheoirí agus le páirtithe leasmhara eile. D'fháiltigh na hAirí roimh phleananna an dá Roinn Oideachais chun Comhdháil ar Neamhoird i Réimse an Uathachais a eagrú i gcomhar lena chéile i mí na Samhna 2009.

3.2.6 D'fháiltigh na hAirí chomh maith roimh an tiomantas leanúnach i leith bhabhtáil Scoile, Óige agus Mhúinteoirí trasteorann ar mhaithe le comhthuiscint a spreagadh agus le deiseanna comhleasa a thapú. Cuireadh fáilte roimh chlár oibre na Feadhachta Babhtála Thuaidh Theas (NSEC) a thacóidh le hobair an dá Roinn chun cur chuige comhpháirteach a fhorbairt chun babhtáil oideachais a bhainistiú agus a mhaoiniú sa todhcháí.

## Comhshaoil



Ar Clé - Sammy Wilson MP, MLA, An tAire Comhshaoil.



Ar Dheis – John Gormley TD, An tAire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil.

### EARNÁIL

3.3.1 Áirítear Taighde ar Chosaint an Chomhshaoil agus Bainistiú Caighdeán Uisce agus Bainistiú Dramháola i gcomhthéacs Trasteorann i Réimse Comhoibrithe CATT maidir leis an gComhshaoil.

3.3.2 Chuir An Roinn Comhshaoil agus An Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil an obair ar na saincheisteanna seo chun cinn sa bhliain 2008.

- Rinneadh dul chun cinn chun dramhaíl a dumpáladh go mídhleathach a dhiúscairt de réir an phlean oibre ar ar aontaíodh roimhe sin.
- Lean an dá Roinn leis an dul chun cinn chun Clár comhpháirteach Forbartha Margaidh a fhorbairt i gcomhair ábhair athchúrsáilte bunaithe ar tháirgí sonracha insoláthartha comhleasa agus leas a bhaint as deiseanna chun tairbhe a bhaint as barainneachtaí scála. Pléifear an tsaincheist faoi mhuilleann páipéir ag cruinniú CATT in am is i dtráth.
- Leanadh leis an dul chun cinn ar fhorfheidhmiú Chreat-Treoir Uisce an AE. Forbraíodh Dréacht-Phleananna Bainistithe Abhantraí do na trí abhantrach trasteorann mar a cheanglaítear

faoin Treoir agus foilsíodh iad ar an 22 Nollaig 2008. Leagtar amach sna pleananna seo na cuspóirí comhshaoil is gá do chomhlachtaí uisce a chomhlíonadh chun freastal ar na caighdeáin riachtanacha cháilíochta uisce mar aon leis na bearta is gá a ghlacadh chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

- Rinne An Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) agus Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann don Chomhshaoil (NIEA) athbhreithniú ar chomhoibriú reatha ar thaighde comhshaoil agus chfóir siad an scóip atá ann chun obair bhreise a dhéanamh lena n-áirítear feachtais feasachta faoin gcomhshaoil.

# Sláinte



**Clé go Deas - Michelle Gildernew MP, MLA, An tAire Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe, Michael McGimpsey, MLA, An tAire Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí, Mary Harney, TD, An tAire Sláinte agus Leanaí agus Mary Wallace, TD, An tAire Stáit a bhfuil freagracht ar leith uirthi as Cur Chun Cinn na Sláinte agus Sábháilteacht Bia.**

Cruinniú	Dáta	Láthair
Sláinte agus Sábháilteacht Bia	28 Bealtaine	Béal Feirste

3.4.1 Ba iad Michael McGimpsey, MLA, An tAire Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí agus Michelle Gildernew, MP, MLA, An tAire Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe a rinne ionadaíocht thar ceann Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann ag an gcruinniú seo. Ba iad Mary Harney, TD, An tAire Sláinte agus Leanaí agus Mary Wallace, TD, An tAire Stáit a bhfuil freagracht ar leith uirthi as Cur Chun Cinn na Sláinte agus Sábháilteacht Bia a rinne ionadaíocht thar ceann Rialtas na hÉireann.

3.4.2 Maidir le Sláinte, d'fháiltigh na hAíre ag an gcruinniú roimh an dul chun cinn a rinneadh ar raon saincheisteanna lena n-áirítear fionnachtana bunaidh na dtreoirstaidéar ar chomhoibriú trasteorann ar sholáthar iar-ama Dochtúirí Teaghlaigh, forbairtí maidir le láthair an ionaid shatailtigh radaiteiripe in Ospidéal Alt Mhic Dhuibhleacháin agus raon forbairtí ar Thaighde Ailse. Tugadh eolas cothrom le dáta dóibh maidir leis an Staidéar comhpháirteach Féidearthachta a bhreithneoidh roghanna agus deiseanna chun comhoibriú níos fearr a bheith i réimse na sláinte agus an chúraim shóisialaigh. D'fháiltigh an tAire roimh an raon leathan de

chomhoibriú ar chur chun cinn na sláinte atá ar bun faoi láthair i bpríomhréimsí lena n-áirítear sláinte fear, aclaíocht/cothú, taighde, ospidéal chothaithe sláinte, oiliúint, caitheamh tobac, beathú cíche agus cur chun cinn na sláinte san ionad oibre.

3.4.3 Phléigh na hAíre an raon leathan de chomhoibriú atá ann maidir le féinmharú a chosc agus ghlac siad le moltaí faoi chomhoibriú beartaithe sa toadhchaí i réimsí amhail; measúnú uile-oileáin ar Oilíúint Fheidhmeach i Scileanna Idirghabhála chun Féinmharú a Chosc, táscairí feidhmíochta a bhaineann le Plean Gnímh Uile-Oileáin a fhorbairt, agus tuarascáil bhliantúil a chur i dtoll a chéile maidir le Plean uile-oileáin a bheidh le cur faoi bhráid CATT go bliantúil.

3.4.4 Cuireadh fáilte roimh bhunú grúpa comhordaithe as an dá Roinn Sláinte agus roimh chlár oibre a cuireadh i dtoll a chéile chun an comhoibriú ar Chosaint Leanaí a neartú. Pléadh pleananna chun feachtas feasachta trasteorann a fhorbairt i gcomhar le heagraíochtaí neamhrialtasacha chun breithniú a dhéanamh ar na fadhbanna méadaitheacha a bhaineann leis an idirlíon agus le líonrú sóisialta agus cuireadh fáilte roimh chomhoibriú leanúnach maidir le monatóireacht agus bainistiú trasteorann ar chiontóirí gnéis.

## Turasóireacht



I láthair ag gradaim na nAmbasadóirí Turasóireachta (Meán Fómhair 2008) de chuid Tourism Ireland bhí Jimmy Murphy, Cathaoirleach Brendan Worldwide Vacations (sa lár) i gcomhlúadar (clé go deas) Hugh Friel, Cathaoirleach Tourism Ireland, An tAire Arlene Foster MLA; an tAire Máirtín Ó Cuilinn TD; agus Paul O'Toole, Príomh-Fheidhmeannach Tourism Ireland.

### CÚLRA

3.5.1 Tá Tourism Ireland Ltd freagrach as margaíocht a dhéanamh thar sáile ar oileán na hÉireann mar cheann scríbe do thurasóirí. Tá Bord 12 comhalta ag Tourism Ireland agus iad ceaptha ag CATT. Is iad Hugh Friel, Uas., agus Ciara Boyle, Uas., faoi seach, Cathaoirleach agus Leas-Cathaoirleach an Bhoird. Tugtar liosta de chomhaltaí reatha an Bhoird in Aguisín 2. Is é Paul O'Toole, Uas., Príomh-Fheidhmeannach Tourism Ireland. Is féidir a thuilleadh eolais a fháil ar [www.tourismireland.com](http://www.tourismireland.com).

Cruinniú	Dáta	Láthair
Turasóireacht	29 Bealtaine	Inis Ceithleann

3.5.2 Ba iad Nigel Dodds, OBE, MP, MLA, An tAire Fiontar, Trádála agus Infheistíochta agus Michelle Gildernew, MP, MLA, An tAire Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe a rinne ionadaíocht thar ceann Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann ag an gcrúinniú seo. Ba é An tAire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, Máirtín Ó Cuilinn, TD, a rinne ionadaíocht thar ceann Rialtas na hÉireann.

3.5.3 Chuir an Cathaoirleach tuarascáil dul chun cinn faoi bhráid na nAirí ag an gcrúinniú. Díródh sa tuarascáil ar rialachas, ar Phleananna Corparáideacha agus Gnó agus ar thuairimí an Bhoird faoi príomh-chomhpháirteanna an iomaíochais.

3.5.4 Thug na hAirí dul chun cinn faoi deara ó thaobh fhorfheidhmiú Phlean Gnó 2008 Tourism Ireland, an anailís a rinneadh ar Spriocanna Cuairteoirí agus loncaim, agus an comhshaol trádála níos dúshlánaí atá ag teacht chun cinn as níos mó agus níos mó den éiginnteacht a bheith sa gheilleagar i roinnt de na príomh-mhargáí coigríche.

3.5.5 Thug siad faoi deara chomh maith gur tábhachtaí anois ná riamh na margaí nua agus na margaí i mbéal forbartha ó thaobh an fhoráis a thiocfaidh ar an líon cuairteoirí ón gcoigríoch go hoileán na hÉireann sa todhchaí. Cuireadh fáilte roimh mholadh Tourism Ireland chun Moloifig do Mhargáí Nua agus do Mhargáí i mBéal Forbartha a oscailt chun cur ar chumas na Cuideachta oibriú níos éifeachtaí i gcoinne an chomórtais dhomhanda atá ag neartú. D'fhaomh na hAirí méadú ar líon foirne Tourism Ireland chun cur ar chumas na Cuideachta foireann a earcú i gcomhair na Moloifige atá beartaithe do Mhargáí Nua agus do Mhargáí i mBéal Forbartha.

3.5.6 Maidir le sonraí a chruinniú faoin líon cuairteoirí, thug na hAirí an páipéar ar Staitisticí Turasóireachta faoi deara agus d'iarr siad ar a Ranna caidreamh a bhunú leis na gníomhaireachtaí iomchuí ionas go mbeidís ábalta tuairisc a thabhairt ag an gcéad chruinniú iomchuí eile den CATT.

# Iompar



I láthair ag seoladh an fheachtais trasteorann ‘Criosanna Sábhála’ bhí an tArd-Cheannfort John Farrelly, Gay Byrne, Cathaoirleach An Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre in Éirinn agus An tArd-Chonstábla Cúnta Roy Toner.

Cruinniú	Dáta	Láthair
Iompar	21 Bealtaine	An Mullach Bán

3.6.1 Ba iad Conor Murphy MP, MLA, An tAire Forbartha Réigiúnaí agus Arlene Foster, MLA, An tAire Comhshaoil a rinne ionadaíocht thar ceann Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann ag an gcruinniú seo. Ba é An tAire Noel Dempsey, TD, An tAire Iompair a rinne ionadaíocht thar ceann Rialtas na hÉireann.

3.6.2 Thug na hAíró faoi deara agus d’fháiltigh siad ag an gcruinniú seo roimh an deis an comhoibriú trasteorann i ndáil le Pleanáil Straitéiseach ar Iompar agus ar Shábháilteacht ar Bhóithre a phlé.

3.6.3 Thug siad an dul chun cinn a rinneadh ar thionscadail bhóthar an A5 (Tairseach an Iarthuaiscirt go dtí Achadh na Cloiche) agus bhóthar an A8 (Béal Feirste go Latharna) faoi deara agus thug siad faoi deara chomh maith go raibh tionscadal an A5 ar sprioc le go ndéanfaí an réamh-mheasúnú ar chonair an bhealaigh ag teannadh le deireadh na bliana 2008.

3.6.4 Rinne na hAíró athbhreithniú ar mholtaí chun an tseirbhís iarnróid as Baile Átha Cliath go Béal Feirste a fheabhsú agus thug siad faoi deara an tiomantas a thug

an Roinn Forbartha Réigiúnaí chun an líne iarnróid as Béal Feirste go Doire a fheabhsú agus chun staidéar a dhéanamh chun athfhorbairt fhadtéarmach shóisialta, fhísiceach agus eacnamaíoch an iarnróid ar fud cheantar an Iarthuaiscirt a bhreithniú.

3.6.5 Thug siad faoi deara an dul chun cinn a rinne na húdaráis ar gach aon taobh den teorainn chun an ráta báis ar bhóithre a laghdú. D’iarr na hAíró go ndéanfaí an obair ar chomhaontú déthaobhach maidir le Coinbhinsiún an AE ar Dhícháilíochtaí Tiomána a dhiansaothrú chun a chinntiú go dtabharfaí i bhfeidhm é ag teannadh le deireadh na bliana 2008/go luath sa bhliain 2009 agus chun a chinntiú go bhféadfaí a thuilleadh caidrimh a bheith ann faoi phríomh-shaincheisteanna sábháilteachta ar bhóithre amhail teorainneacha maidir le tiomáint faoi thionchar dí, straitéisí sábháilteachta ar bhóithre agus forfheidmiú trasteorann.

3.6.6 Thug na hAíró faoi deara gur thug Comhairle Cathrach Dhoire na gealltanais ba ghá i ndáil le comhshocruithe rialachais in aerfort Chathair Dhoire ionas go bhféadfaí an chéad éileamh ar dheontas a íoc i mí Feabhra 2008. Ba bhreis is £5.6 milliún suim na ndeontas a d’íoc an Feidhmeannas agus Rialtas na hÉireann. I dteannta scéim fhaofa an deontais, chuir Comhairle Cathrach

## Caibidil a Trí: Cruinnithe Catt I Bhformáid Earnála

Dhoire an maoiniú ar fáil chun tacsafí-bhealach nua a thógáil agus chun an spás páirceála d'aerárthaí a fhadú. Thug siad faoi deara gur thug Comhairle Cathrach Dhoire gealltanais i leith corprú láithreach aerfort Chathair Dhoire isteach i gcuideachta a bheadh faoi úinéireacht iomlán na Comhairle agus, taobh istigh de thréimhse 18 mí, go ndéanfaí gnáthscaireanna na cuideachta a dhíol glan amach nó go ndéanfaí an chuideachta a dhíol ach go gcoinneodh an Chomhairle smacht ar thalamh an aerfoirt trí bhíthin léas fadtéarmach. Bhunaigh Comhairle Cathrach Dhoire Bord comhairleach ar a bhfuil comhaltaí neamhspleácha atá tiomanta don athchóiriú a chur i gcrích faoi mhí na Nollag 2009.

3.6.7 Rinne na hAirí athbhreithniú ar an dul chun cinn ar thionscadail chun droichid an Eanaigh Rua agus Chnoc an Ghainimh ar theorainn Thír Eoghain/Mhuineacháin a athoscailt agus phléigh siad an dul chun cinn atá déanta ar mholadh Rialtas na hÉireann go dtógfaí droichead i gCaol Uisce a bheadh ina cheangal idir Contae Lú agus Contae an Dúin.

3.6.8 Phléigh na hAirí Iompar Inbhuanaithe agus thug siad faoi deara gur sheol An Roinn Iompair an páipéar Fís 2020 – Taisteal agus Iompar Inbhuanaithe ionas go ndéanfaí comhairliúchán poiblí air agus go raibh an Roinn Forbartha Réigiúnaí i mbun líon áirithe de thionscnaimh ar iompar inbhuanaithe cheana féin.

3.6.9 Thug na hAirí faoi deara go rabhthas ag súil leis go gcuirfí tús le treoirthionscadal trasteorann, bunaithe sa phobal, ar iompar tuaithe roimh dheireadh 2008.

3.6.10 Bhíothas i mbun oibre agus staidéar ar chórais luathiompair i gCorcaigh, i nGaillimh, i Luimneach, i bPort Láirge agus i mBéal Feirste agus d'fháiltigh na hAirí roimh an obair agus an plé leanúnach idir na hoifigigh i ndáil le heolas a roinnt agus le comhoibriú sa réimse seo.

3.6.11 D'fháiltigh na hAirí roimh an gcur i láthair a rinne IBEC/CBI ar na fionnachtana a d'eascair as “Freight Transport Report for the Island of Ireland” agus d'aontaigh siad go mbreithneodh a n-oifigigh na moltaí sin sa Staidéar a bhí ábhartha do Réimse Comhoibríthe an CATT maidir le hIompar agus go gcuirfidís tuairisc faoi bhráid cruinnithe sa todhchaí.



# Dobharshaothrú agus Muir



Oifigigh lascaigh ag leictriascaireacht ar Abhainn na Ró

## COIMISIÚN AN FHEABHAIL, CHAIRLINN AGUS SHOILSE NA HÉIREANN

### CÚLRA

3.7.1 Tionóltar cruinnithe de chuid CATT faoi shaincheisteanna Dobharshaothraithe agus Mara d'fhonn cinntí a dhéanamh ar na beartais agus ar an ngníomh a bhíonn le forfheidhmiú ag Coimisiún an Fheabhail, Chairlinn agus Shoilse na hÉireann (CFCSÉ). Tá Bord ag Coimisiún an Fheabhail, Chairlinn agus Shoilse na hÉireann ar a bhfuil 12 comhalta agus iad ceaptha ag CATT agus cuireann siad feidhmeanna an Chomhlachta i ndáil le limistéir an Fheabhail agus Chairlinn i bhfeidhm trí Ghníomhaireacht na Lochanna. Is iad Tarlach Ó Crosáin, Uas., agus Jacqui McConville, Uas., faoi seach, Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach an Bhoird. Tugtar liosta de chomhaltaí reatha an Bhoird in Aguisín 2. Is é Derick Anderson, Uas., Príomh-Fheidhmeannach Ghníomhaireacht na Lochanna. Is féidir a thuilleadh eolais a fháil ar [www.loughs-agency.org](http://www.loughs-agency.org).

Cruinniú	Dáta	Láthair
CFCSÉ	21 Bealtaine	Baile Átha Cliath
CFCSÉ	26 Meitheamh	Béal Feirste

3.7.2 Ba é Eamon Ryan TD, An tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha a rinne ionadaíocht thar ceann Rialtas na hÉireann ag an gcruinniú dar dáta an 21 Bealtaine. Ba iad Michelle Gildernew, MP, MLA, An tAire Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe agus An tAire Edwin Poots, MLA, An tAire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta a rinne ionadaíocht thar ceann Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann. Ba iad An tAire Gildernew, agus an tAire Sóisearach Jeffrey Donaldson MP, MLA a rinne ionadaíocht thar ceann Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann ag an gcruinniú dar dáta an 26 Meitheamh. Ba é An tAire Ryan agus An tAire Stáit Seán Power, TD, a rinne ionadaíocht thar ceann Rialtas na hÉireann.

3.7.3 Chuir an Cathaoirleach agus an Príomh-Fheidhmeannach tuarascálacha dul chun cinn faoi bhráid na nAírí ag na cruinnithe seo. Áiríodh ar na tuarascálacha seo pleananna na Gníomhaireachta, i gcomhar le comhlachtaí eile, chun a straitéis ar Thurasóireacht Mara agus ar Áineas agus Iascach a chur i gcrích. Thug na hAírí faoi deara chomh maith gur cheannaigh an

## Caibidil a Trí: Cruinnithe Catt I Bhformáid Earnála

Ghníomhaireacht catamarán 17 méadar ar chostas de isteach agus amach le £300,000 (€380,000). Bainfear úsáid as an mbád seo chun na sonraí bainistithe atá riachtanach a bhailiú ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe an Fheabhail agus Chairlinn.

3.7.4 Thug na hAíré faoi deara an dul chun cinn a rinneadh ar Orduithe um Thosach Feidhme chun éifeacht a thabhairt d'fhorálacha reachtaíocht lascaigh an Fheabhail agus Chairlinn 2007. Ceanglaítear faoi na hOrduithe tosach feidhme céimnithe agus bainistithe de na cumhachtaí nua atá ar fáil do Ghníomhaireacht na Lochanna a thabhairt chun cinn chun an docharshaothrú a fhorbairt agus a cheadúnú agus chun iascaigh cheantar an Fheabhail agus Chairlinn a chosaint. Thug na hAíré faoi deara gur tháinig an chéad Ordú i ngníomh ar an 1 Meitheamh 2008 agus beartaítear an dá Ordú eile a thabhairt isteach sa bhliain 2009.

3.7.5 Tar éis comhairliúchán poiblí sa bhliain 2007 agus arís eile sa bhliain 2008 ar na moltaí, d'fhaomh an tAire cúig shraith de rialacháin a bhí dírithe ar an mbradán, ar an mbreac geal agus ar an oisre dúchasach a fhaightear i gceantar an Fheabhail agus Chairlinn a chaomhnú. Áirítear orthu sin Rialacháin Limistéar an Fheabhail agus Chairlinn (Cosc ar Dhíol Bradán agus Breac Geal a Mharaítear le Slat agus Líne) 2008; Rialacháin Limistéar an Fheabhail (Rialú Iascaigh Oisrí) 2008; Rialacháin Limistéar an Fheabhail (Ceadúnú Iascaigh Oisrí) 2008; Rialacháin Limistéar an Fheabhail (Logleabhar agus Sainithint Oisrí) 2008; Rialacháin Limistéar an Fheabhail (Limistéir Sainithe Teachta i dTír) 2008.

# SÁBHÁILTEACHT BIA



I láthair ag seoladh ‘Little Steps go a Long Way’ i mBunscoil Lánpháirithe An Chrainn Mhóir bhí daltaí rang a 5 Johna Crocket, Jack McArdeal agus Catherine McGarry. Feachtas ó safefood, Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Chur Chun Cinn na Sláinte agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte is ea “Little Steps go a Long Way” atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar fhadhb thromchúiseach an mhurtaill ar oileán na hÉireann.

## AN BORD UM CHUR CHUN CINN SÁBHÁILTEACHTA BIA

### CÚLRA

3.8.1 Tionóltar cruinnithe de chuid CATT faoi shaincheisteanna Sábháilteachta Bia d'fhonn cinntí a dhéanamh ar na beartais agus ar na gníomhartha a bhíonn le forfheidhmiú ag an mBord Um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia (BCCCSB). Feidhmíonn BCCCSB faoin mbranda aitheantais “safefood”. Tá Bord Comhairleach 12 comhalta air arna gceapadh ag an CATT agus is sábháilteacht bia a chur chun cinn an príomhchúram atá air mar aon le tacú le comhoibriú eolaíoch idir na forais a bhíonn ag obair sa réimse sin. Is iad John Dardis, Uas., agus Campbell Tweedie, Uas., Cathaoirleach agus Leas-Cathaoirleach an Bhoird faoi seach. Tugtar liosta de chomhaltaí reatha an Bhoird in Aguisín 2. Is é Martin Higgins, Uas., Príomh-Fheidhmeannach safefood. Is féidir a thuilleadh eolais a fháil ar [www.safefood.eu](http://www.safefood.eu).

Cruinniú	Dáta	Láthair
Sábháilteacht Bia	28 Bealtaine	Béal Feirste

3.8.2 Ba iad Michael McGimpsey, MLA, An tAire Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Bia agus Michelle Gildernew, MP, MLA, An tAire Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe a rinne ionadaíocht thar ceann Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann ag an gcruinniú seo. Ba iad Mary Harney TD, An tAire Sláinte agus Leanaí agus Mary Wallace, TD, An tAire Stáit a bhfuil freagracht ar leith uirthi as Cur Chun Cinn na Sláinte agus Sábháilteacht Bia a rinne ionadaíocht thar ceann Rialtas na hÉireann.

3.8.3 D'fháiltigh na hAíreí roimh cheapachán an Bhoird Chomhairligh nua don Bhoird um Chur Chun Cinn Sábháilteachta Bia agus chuir an Cathaoirleach agus an PFO tuarascáil dul chun cinn faoina mbráid ar ghníomhaíochtaí safefood, lena n-áirítear saineolaithe a cheapadh chun comhairle theicniúil agus sainchomhairle a éascú agus a thabhairt ar mholtaí safefood ar shaotharlann thagartha do sheirbhís eintreach.

3.8.4 Thugadar gníomhaíochtaí leanúnacha eolaíocha agus cur chun cinn safefood faoi deara lena n-áirítear réamhphlé leis an nGníomhaireacht Caighdeán Bia i Londain maidir le heolas eolaíoch a roinnt agus le seoladh tionscadail nua taighde lena n-áirítear tionscadal taighde ar ghalar tógalach stéigeach sa

## Caibidil a Trí: Cruinnithe Catt I Bhformáid Earnála

phobal agus bailchríoch a chur ar an tionscadal taighde ar ghaistreintríteas. Tugadh faoi deara chomh maith an fadú a cuireadh leis an gclár feasachta ailléirge, feachtas feasachta sábháilteachta bia agus an obair leanúnach chomhpháirtíochta le comhlachtaí agus gníomhaireachtaí eile, ar leagadh béim faoi leith uirthi nuair a bronnadh ‘an ceann is fearr sa taispeántas’ ag Taispeántas Balmoral 2008.

3.8.5 D’fháiltigh na hAirí chomh maith roimh bhunú fóram uile-oileáin gníomhaíochta ar mhurtall, fóram a mhairfidh ar feadh tréimhse trí bhliana. Thug siad faoi deara chomh maith an fhorbairt a rinneadh ar raon de thionscnaimh chumarsáide i láithreacha roghnaithe lena n-áirítear an t-ionad oibre agus láithreacha oideachais, agus thugadar faoi deara an obair a rinneadh chun bonn nua fianaise a thógáil ar raon foinsí lena n-áirítear cúrsaí acadúla, taighde atá ar siúl agus faireachán.

# Uiscebhealaí Intíre



Ag seoladh an Chórais nua Bhainistithe don Chlárú Árthaí ó chlé; Ian Cameron, Uiscebhealaí Éireann; Derek Kehoe, iB Solutions; Charles Lawn, Uiscebhealaí Éireann; Brian Cleland, Uiscebhealaí Éireann; Brian D'Arcy, Uiscebhealaí Éireann; agus Damien Marron, iB Solutions. Tógadh an grianghraf os comhair Cheanncheathrú nua Uiscebhealaí Éireann in Inis Ceithleann.

## UISCEBHEALAÍ ÉIREANN

### CÚLRA

3.9.1 Tá Uiscebhealaí Éireann freagrach as bainistiú, cothabháil, forbairt agus deisiú na gcóras uiscebhealaí inseolta intíre ar fud an oileáin agus déantar é seo go príomha ar mhaithe le háineas. Tá siad freagrach as na huiscebhealaí seo a leanas faoi láthair: Loingseoireacht na Bearú, Córas na hÉirne, An Chanáil Mhór, Loingseoireacht na Banna Íochtaí, An Chanáil Ríoga, Uiscebhealach na Sionainne - na hÉirne agus Loingseoireacht na Sionainne agus is ionann na huiscebhealaí sin agus isteach agus amach le 1,000km d'uiscebhealaí inseolta. Is iad Uiscebhealaí Éireann atá freagrach chomh maith as athchóiriú a dhéanamh ar an gcuid de Chanáil Uladh ó Chluain Eois go dtí Loch Éirne Uachtair agus tar éis an athchóirithe is iad a bheidh freagrach as a bhainistiú, a chothabháil agus a fhorbairt. Is é John Martin, Uas., Príomh-Fheidhmeannach Uiscebhealaí Éireann. Is féidir a thuilleadh eolais a fháil ar [www.waterwaysireland.org](http://www.waterwaysireland.org).

Cruinniú	Dáta	Láthair
Uiscebhealaí Intíre	4 Iúil	Léim an Mhadaidh

3.9.2 Ba iad Gregory Campbell MP, MLA, An tAire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta agus Conor Murphy MP, MLA, An tAire Forbartha Réigiúnaí a rinne ionadaíocht thar ceann Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann ag an gcruinniú seo. Ba é Éamon Ó Cuív TD, An tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, a rinne ionadaíocht thar ceann Rialtas na hÉireann.

3.9.3 Chuir an Príomh-Fheidhmeannach tuarascáil dul chun cinn faoi bhráid na nAíre ag an gcruinniú seo. Rinne na hAíre athbhreithniú ar an dul chun cinn ar an athchóiriú den chuid sin de Chanáil Uladh ó Chluain Eois go dtí Loch Éirne Uachtair agus thugadar faoi deara gur chuir Uiscebhealaí Éireann tús leis an réamhphróiseas lena n-áirítear comhairliúchán agus plé le Comhpháirtíocht Chluain Eois-na hÉirne Thoir, le húinéirí talún agus le líon éagsúil de ghníomhaireachtaí reachtúla iomchuí. Thug Aíre faoi deara chomh maith gur cuireadh tús le nósanna imeachta chun an réamhdhearadh a dhéanamh agus leis an moladh go ndéanfadh Uiscebhealaí Éireann an fáil talún a bhainistiú sula ligfí an conradh ar léas.

3.9.4 D'fháiltigh na hAíre roimh thionscnaimh thurasóireachta agus mhargaíochta Uiscebhealaí Éireann agus thugadar faoi deara na príomhchuspóirí chun an t-aitheantas corparáideach a ghabhann leis a fhorbairt,

## Caibidil a Trí: Cruinnithe Catt I Bhformáid Earnála

breis úsáide na n-uiscebhealaí a chur chun cinn; feacht a scaipeadh agus ardán a chruthú i gcomhair forbairt mharthanach an mhargaidh.

3.9.5 Thug na hAirí faoi deara gur sholáthair Uiscebhealaí Éireann 86 méadar breise de tháclaí feistithe nua ar an gCanáil Ríoga agus ar an tSionainn, 283 méadar de tháclaí nua feistithe ar Chóras na hÉirne agus 36 méadar de tháclaí ar snámh agus geata bordála ar an mBanna Íochtair idir Meán Fómhair 2007 agus Bealtaine 2008. Thug na hAirí faoi deara chomh maith go bhfuil na huiscebhealaí anois ar cheann de na príomhtháirgí turasoíreachta atá ar fáil agus thugadar faoi deara chomh maith tionchar dearfach Uiscebhealaí Éireann ar chur chun cinn na n-uiscebhealaí, ar a gcumas turasoíreachta agus áineasa, agus go háirithe an sásamh atá le fáil feadh an uiscebhealaigh idir Béal Leice agus Luimneach.

3.9.6 Phléigh na hAirí Plean Gnó an Chomhlachta do 2008 agus tugadh faoi deara an Tuarascáil Bhliantúil agus na Cuntais do 2006.

3.9.7 Thug na hAirí faoi deara na moltaí a rinneadh maidir le clár gníomhaíochta faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 lena n-áirítear athoscailt na Canála Ríoga do bháid a chur i gcrích sa bhliain 2009, imscrúduithe a chur i gcrích agus bealaí breise loingseoireachta a thógáil ar Loingseoireacht na Sionainne, bealaí eile loingseoireachta atá ann faoi láthair a chomhdhlúthú trí rochtain, saoráidí agus bonneagar a fheabhsú agus trí thús a chur le réamh-imscrúduithe ar líon áirithe d'uiscebhealaí eile.

3.9.8 Thug na hAirí faoi deara gur chuir Uiscebhealaí Éireann tús le treoirstaidéar i ndáil le maoin a chlárú chun na hacmhainní agus na próisis is gá chun an mhaoin go léir a chlárú a mheas. Thugadar faoi deara chomh maith gur bronnadh tairiscint i ndáil le treoirlárú maoin ar dhá chuid de na canálacha i mBaile Átha Cliath. D'aontaigh na hAirí le líon áirithe diúscairtí agus le hOrdú Ceannaigh Éigeantaigh.

### **CEANNCHEATHRÚ NUA UISCEBHEALAÍ ÉIREANN**

3.9.9 Cuireadh foirgneamh nua cheanncheathrú Uiscebhealaí Éireann in Inis Ceithleann, ina bhfuil cóiríocht do isteach agus amach le 70 comhalta foirne, i gcrích de réir sceidil agus de réir buiséid i Meán Fómhair 2008.

# Teanga



Clé go Deas - Éamon Ó Cuív, T.D., An tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus Gregory Campbell, MP, MLA, an tAire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta.

## AN FORAS TEANGA THUaidh/ THEAS (AN FORAS TEANGA/THA BOORD O LEID)

### CÚLRA

3.10.1 Tá dhá ghníomhaireacht ar leith san Foras Teanga – Foras na Gaeilge agus an Ghníomhaireacht Ultach-Albanach / Tha Boord O Ulstèr-Scotch. Cuireann na Gníomhaireachtaí an Ghaeilge agus an Ultais agus an cultúr Ultach Albanach chun cinn, faoi seach. Is í an CATT a cheapann Bord an Fhorais Teanga. Is iad Cathaoirleach Fhoras na Gaeilge, Liam Ó Maoilmhichíl, Uas., agus Cathaoirleach Tha Boord o Ulstèr-Scotch, Mark Thompson, Uas., na Comhchathaoirligh atá ar an bhForas Teanga.

3.10.2 Tá 15 comhalta eile ar Bhord Fhoras na Gaeilge agus tá 7 comhalta eile ar Bhord Tha Boord o Ulstèr Scotch. Tá liosta de na comhaltaí Boird in Aguisín 2. Is é Ferdie Mac an Fhailigh, Uas., Príomh-Fheidhmeannach Fhoras na Gaeilge agus is é George Patton, Uas., Príomh-Fheidhmeannach Tha Boord O Ulstèr-Scotch. Is féidir a thuilleadh eolais a fháil ar [www.fornasnaeilge.ie](http://www.fornasnaeilge.ie) agus [www.ulsterscotsagency.com](http://www.ulsterscotsagency.com).

Cruinniú	Dáta	Láthair
Teanga	4 Iúil	Léim an Mhadaidh

3.10.3 Ba iad Gregory Campbell, MP, MLA, An tAire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta agus Conor Murphy MP, MLA, An tAire Forbartha Réigiúnaí a rinne ionadaíocht thar ceann Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann ag an gcruinniú seo. Ba é Éamon Ó Cuív, TD, An tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta a rinne ionadaíocht thar ceann Rialtas na hÉireann.

3.10.4 D'fhaomh na hAíri na Pleananna Corparáideacha agus Gnó ag an gcruinniú seo agus d'aontaigh siad buiséid mholta don dá Ghníomhaireacht don bhliain 2008. Thugadar buiséid tháscacha an dá Ghníomhaireacht don bhliain 2009 agus 2010 faoi deara faoi réir cúrsaí buiséadacha sa dá dhlíne.

3.10.5 Thug na hAíri moladh ón Aire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta faoi deara chun £1 milliún de mhaoiniú sa bhreis a sholáthar don Ghníomhaireacht Ultach Albanach sa bhliain 2009 agus 2010. Bhreathnaigh an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta go dearfach ar an moladh (faoi réir cúrsaí buiséadacha sa dá dhlíne agus dearbhuithe maidir leis na córais

## Caibidil a Trí: Cruinnithe Catt I Bhformáid Earnála

riachtanacha cuntasachta airgeadais a bheith i bhfeidhm sa Ghníomhaireacht). D'iarr na hAirí ar oifigigh páipéar níos mionsonraithe a ullmhú ar an maoiniú molta, páipéar a bheidh le cur faoi bhráid an chéad chruinnithe eile den CATT a thionólfar i bhformáid na hearnála Teanga.

3.10.6 D'fháiltigh na hAirí roimh an obair a rinneadh ar an dul chun cinn chun 30 post san Fhoras Teanga a dhílárú ó Bhaile Átha Cliath go Gaoth Dobhair de réir an fhógra a rinne Rialtas na hÉireann i mí na Nollag 2003. D'fhaomh siad seacht bpost bhreise d'Fhoras na Gaeilge agus chuireadar in iúl gur i nGaoth Dobhair a lonnófaí cúig cinn de na poist agus go lonnófaí péire i mBéal Feirste. Bhreithnigh siad comhshocruithe na todhcháí i gcomhair Cholmille, d'fhaomh siad go n-aistreofaí a fheidhmeanna, an fhoireann a bhí ag obair ann agus an maoiniú a bhí á fháil aige go Foras na Gaeilge agus d'aontaigh siad go mbunódh Foras na Gaeilge agus Bòrd na Gàidhlig comhpháirtíocht chun aidhmeanna agus cuspóirí Cholmille a thabhairt chun cinn.



# Cláir Speisialta AE



I láthair tráth ar sheol An Coimisinéir Danuta Hübner na **CLÁIR PEACE III AGUS INTERREG IVA** ar an 14 Aibreán 2008 bhí An t-Iar-Aire Airgeadais, Brian Cowen TD, An t-Iar-Aire Airgeadais agus Pearsanra, An Ró-Onórach Peter Robinson MP MLA agus Pat Colgan, Uas., Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin CCSAE.

## COMHLACHT NA GCLÁR SPEISIALTA AE (SEUPB)

### CÚLRA

3.11.1 Is é misean CCSAE cláir mhaoinithe a bhainistiú agus a fhorfheidhmiú go héifeachtach thar ceann an dá rialtas agus an Aontais Eorpaigh agus é mar aidhm aige cúrsaí sóisialta agus eacnamaíocha a rachadh chun leasa mhuintir Thuaisceart Éireann agus na hÉireann a fheabhsú trí chomhoibriú trasteorann, trasnáisiúnta agus idir-réigiúnach. Is é Pat Colgan, Uas., Príomh-Fheidhmeannach an CCSAE.

3.11.2 Is é an CCSAE an tÚdarás Bainistíochta do Chlár um Shíocháin agus Athmhuintearas an AE (PEACE III) agus don Chlár INTERREG IVA. Is é atá freagrach chomh maith as monatóireacht a dhéanamh ar an gCaibidil Chomhchoiteann, an creat straitéiseach do chomhoibriú trasteorann thar réimse leathan earnálacha comhaontaithe idir an dá Rialtas agus tá sé freagrach as a gcur chun cinn chomh maith. Tá an Comhlacht freagrach freisin as na heilimintí Thuaidh Theas de na Tionscnaimh Chomhphobail (LEADER +, URBAN II, agus EQUAL) in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann. Tacóidh an CCSAE chomh maith le rannpháirtíocht Thuaidh/Theas

sna Cláir Thrasnáisiúnta INTERREG IVB agus sa Chlár Idir-Réigiúnach INTERREG IVC. Is féidir a thuilleadh eolais a fháil ar [www.seupb.org](http://www.seupb.org).

### Gníomhaíochtaí

3.11.3 Tugtar sonraí faoi ghníomhaíochtaí an Chomhlachta sa bhliain 2008 sna hailt seo a leanas thíos.

## CLÁIR AE 2000 - 2006

### PEACE

3.11.4 Chuir an CCSAE a ról i ndáil le dúnadh PEACE I thar ceann an dá bhallstát i gcrích sa bhliain 2008 agus d'éirigh leo chomh maith deireadh rathúil a chur leis an gClár PEACE II.

### INTERREG IIIA

3.11.5 Chomhlíon an Clár INTERREG IIIA na spriocanna bliantúla caiteachais go léir a bhí acu agus bhain siad amach nó d'fheabhsaigh siad ar na spriocanna feidhmíochta a bhí acu.

## Caibidil a Trí: Cruinnithe Catt I Bhformáid Earnála

### CLÁIR AE 2007 - 2013

3.11.6 D'fhaomh Coimisiún an AE an dá chlár PEACE III agus INTERREG IVA go foirmiúil ar an 6 Samhain 2007. Cuirfear €589 milliún san iomlán (PEACE III €333 milliún agus INTERREG IVA €256 milliún), lena n-áirítear maoiniú comhfhreagrach ó Rialtas na hÉireann agus ó Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann, ar fáil trí bhíthin na gClár seo chun infheistíocht a dhéanamh ar mhaithe le sochaí chobhsaí shíochánta a thógáil i dTuaisceart Éireann agus ar mhaithe le réigiún trasteorann níos rathúla a chruthú. Maidir leis an dá Chlár, sa bhliain 2008 bunaíodh Coistí Stiúrtha, aontaíodh critéir roghnaithe tionscadail agus d'fhéadfadh gach cineál téama a bheith sna hiarratais a dhéanfaí ar na cláir. Dhírigh CCSAE sa bhliain 2008 ar sheachadadh éifeachtach na gClár nua chun a chinntiú go gcomhlíonfaí cuspóirí na gClár agus go mbainfí an tionchar is fearr is féidir as na Cláir ar mhaithe leis an réigiún.

### NA CLÁIR - INTERREG IVB AGUS INTERREG IVC

3.11.7 Tá ról ag an CCSAE maidir le rannpháirtíocht Thuaidh Theas sna Cláir Thrasnáisiúnta agus Idir-Réigiúnacha IV (IVB agus IVC) a éascú. Bhí an CCSAE gníomhach sa bhliain 2008 ó thaobh cláir a chur chun cinn agus ó thaobh daoine a spreagadh chun iarratas a dhéanamh thar ceann tionscadail chaighdeánacha. D'eagraigh an CCSAE líon áirithe d'imeachtaí chomh maith chun rannpháirtíocht Thuaidh Theas a chur chun cinn sa bhliain 2008 lena n-áirítear ceardlann ar éirigh go maith léi agus a tionóladh i mí an Mheithimh agus líon mór cur i láthair a rinneadh chun cúnamh a thabhairt d'iarrthóirí tionscadail a d'fhéadfadh iarratais a dhéanamh ar na cláir.

### LAETHANTA OSCAILTE AE 2008

3.11.8 D'fhorbair an CCSAE agus an dá Roinn Airgeadais moltaí chun líonra PEACE a bhunú chun an taithí a bhaintear as maoiniú ó chlár PEACE an AE a bhainistiú a chur in iúl agus scaipeadh na moltaí sin ag an imeacht "Laethanta Oscailte an AE" sa Bhruiséil an 7 Deireadh Fómhair 2008.

# Forbairt Trádála agus Gnó



Buaiteoirí Chomórtas Gnó Seedcorn IdirThrádáil Éireann o8 Mcor Technologies agus Media Lightbox i gcomhlúadar An Aire Trádála & Tráchtála, John McGuinness TD.

## CÚLRA

3.12.1 Bunaíodh an Comhlacht Forbartha Trádála agus Gnó, ar a nglaoitear IdirThrádáil Éireann, chun eolas a bhabhtáil agus obair ar thrádáil, ar fhorbairt ghnó agus ar chúrsaí ábhartha a chomhordú i réimsí ar a n-aontaíonn an dá chóras riaracháin go sonrach go rachadh sin chun a gcomhleasa. Tá Bord 12 comhalta ag IdirThrádáil Éireann agus iad ceaptha ag CATT. Tá liosta de na comhaltaí Boird sin in Aguisín 2. Is iad An Dr. David Dobbin agus John Fitzgerald, Uas., faoi seach, Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach Bhord IdirThrádáil Éireann. Is é Liam Nellis, Uas., an Príomh-Fheidhmeannach. Is féidir a thuilleadh eolais a fháil ar [www.intertradeireland.com](http://www.intertradeireland.com).

Cruinniú	Dáta	Láthair
IdirThrádáil Éireann	29 Bealtaine	Inis Ceithleann

3.12.2 Ba iad Nigel Dodds, MP, MLA, An tAire Fiontar, Trádála agus Infheistíochta agus Michelle Gildernew, MP, MLA, An tAire Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe a rinne ionadaíocht thar ceann Fheidhmeannas Thuaisceart Éireann ag an gcruinniú seo. Ba iad Micheál Martin TD,

An tAire Gnóthaí Eachtracha agus Jimmy Devins TD, An tAire Stáit ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta a rinne ionadaíocht thar ceann Rialtas na hÉireann.

3.12.3 Ag an gcruinniú d'fháiltigh na hAíró roimh cheapachán Bhord nua IdirThrádáil Éireann. Chuir an Cathaoirleach agus an Príomh-Fheidhmeannach tuarascáil dul chun cinn ar ghníomhaíochtaí an Bhoird faoi bhráid na nAíró. D'fháiltigh na hAíró roimh an obair a rinne IdirThrádáil Éireann chun 39 Líonra Gnó Thuaidh/Theas a chruthú agus roimh an eolas, roimh an gcomhairle agus na seirbhísí a sholáthair siad do bhreis is 14,500 cuideachta, roimh rannpháirtíocht breis is 1300 cuideachta go díreach ar chlár IdirThrádáil Éireann as ar gineadh £134m/€171m i luach forbartha trádála agus gnó agus tuartar go mbeidh £260m/€331m sa bhreis le tuairisciú as clár atá sa siúl.

3.12.4 Thug na hAíró faoi deara an t-ardú a tháinig ar thrádáil trasteorann arbh ionann é agus 19.6% idir 2003 agus 2006 agus thugadar faoi deara chomh maith go dtaispeánann na figiúirí a foilsíodh le gairid gur ardaigh trádáil trasteorann go €3.1 billiún sa bhliain 2007.

## Caibidil a Trí: Cruinnithe Catt I Bhformáid Earnála

3.12.5 Faomhadh Plean Corparáideach IdirThrádáil Éireann. Thug na hAíré faoi deara dhá sprioc lárnacha straitéiseacha chun Luach Gnó a ghiniúint, trí iomaíochas agus cumas cuideachtaí a fheabhsú trí thionscnaimh chomhoibritheacha Thuaidh/Theas agus tríd an gComhshaol Iomaíoch a fheabhsú trí thaighde, tuarascálacha agus líonraí comhoibritheacha beartais a rachadh chun a gcomhleasa. Thacaigh na hAíré chomh maith leis an tús áite a thabharfaidh IdirThrádáil Éireann don Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht ina bPlean Corparáideach; agus thugadar na spriocanna a aithnítear i bPlean Gnó 2008 faoi deara:

- £47m/c€69m an luach iomlán a thuiriscítear ó ghníomhaíocht forbartha sa trádáil agus sa ghnó a gineadh trí bhíthin líonraí gnó Thuaidh/Theas IdirThrádáil Éireann agus trí ghnóthais a bhíonn ag gabháil do thionscadail IdirThrádáil Éireann;
- 400 gnóthas a bhí rannpháirteach go gníomhach chun iomaíochas a ngnóthaí a fhorbairt trí acmhainní IdirThrádáil Éireann, a tairgeadh trína dtionscnaimh chomhoibritheacha Thuaidh/Theas, a úsáid;
- 2000 gnóthas a ghlac páirt ina gcumas gnó a fhorbairt trí úsáid a bhaint as seirbhísí faisnéise agus eolais IdirThrádáil Éireann;
- 25 líonra comhoibritheach gnó agus eacnamaíoch Thuaidh/Theas

3.12.6 Thug na hAíré Athbhreithniú Bliantúil ar Ghníomhaíochtaí agus Tuarascáil Bhliantúil 2006 IdirThrádáil Éireann faoi deara chomh maith.

AGUISÍN A HAON

COMHRÚNAIREACTH NA COMHAIRLE  
AIREACHTA THUADH/THEAS

Aquaculture and Marine Matters

Tacaíonn Comhrúnaireacht bhuan, ar a bhfuil comhaltaí de Státseirbhís Thuaisceart Éireann agus de Státseirbhís na hÉireann mar fhoireann, le hobair na CATT. Is í Oifig an Chéad-Aire agus an Leas-Chéad-Aire (OFMDFM) máthair-Roinn státseirbhísigh Thuaisceart Éireann agus is í An Roinn Gnóthaí Eachtracha (DFA) máthair-Roinn státseirbhísigh na hÉireann.

Is í Mary Bunting, Uas., Comhrúnaí an Tuaiscirt agus is é Tom Hanney, Uas., Comhrúnaí an Deiscirt. Is iad Pat Donaghy (Tuaisceart) agus Niall Holohan (Deisceart) na Leas-Chomhrúnaithe.

#### **FEIDHMEANNA**

Áirítear na feidhmeanna seo a leanas ar fheidhmeanna na Comhrúnaireachta:

- sceideal chruinnithe na Comhairle a eagrú i bhformáidí éagsúla;
- réamshhocruithe polaitiúla/Aireachta a chinntiú maidir le clár cruinnithe na Comhairle;
- páipéir le haghaidh chruinnithe na Comhairle a ullmhú nó coimisiúnú a dhéanamh orthu lena n-áirítear nithe a bhaineann lena gclár oibre;
- comhtheachtaireachtaí agus taifid ar chinntí na Comhairle a dhréachtú;
- cinní na Comhairle a scaipeadh agus monatóireacht a dhéanamh ar a bhforfheidhmiú;
- tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí na Comhairle a dhréachtú;
- bheith i dteagmháil leis na Comhlachtaí Forfheidhmithe agus a bhforbairt a éascú;
- idirchaidreamh a dhéanamh, nuair is cuí, tríd an Roinn nó an Oifig ainmnithe i gceachtar den dá dhlínse, le Rúnaireacht Chomhdháil Idir-Rialtasach na Breataine - na hÉireann, le Rúnaireacht Chomhairle na Breataine - na hÉireann agus leis an gcomhfhóram parlaiminte Thuaidh/Theas agus leis an bhfóram comhairliúcháin neamhspleách nuair a bhunófar é; agus
- tascanna eile den sórt ar iarraidh na Comhairle a chur i gcrích.

#### **MAOINIÚ**

Is iad an OFMDFM agus an DFA a ghlanann na costais foirne. Roinntear gach costas eile a bhaineann leis an gComhrúnaireacht agus leis an gCATT idir an dá chóras riaracháin. B'ionann is £1,724,872 / € 2,200,151 costas reáchtála na Comhrúnaireachta sa bhliain 2008.

AGUISÍN A DÓ

COMHALTAÍ BOIRD NA GCOM-  
HLACHTAÍ THUATH THEAS

Aquaculture and Marine Matters

The background features a series of overlapping, semi-transparent blue circles of varying shades. Overlaid on these circles are several large, light blue arrows pointing in various directions, creating a sense of movement and progress. The overall aesthetic is clean and modern, typical of a corporate or organizational report cover.

## BORD COMHAIRLEACH AN BHOIRD UM CHUR CHUN CINN SÁBHÁILTEACHTA

John Dardis  
(Cathaoirleach)  
Campbell Tweedie  
(Leas-Chathaoirleach)  
Ken Baird  
Lynn Ní Bhaoighealláin  
Joe Byrne  
Brian Cunningham  
Aoife Healy  
Susan Heraghty  
Neven Maguire  
Seamus Sheridan  
Con Traas  
Jane Wells

## AN FORAS TEANGA THUaidH THEAS – FORAS NA GAELIGE

Liam Ó Maoilmhichíl  
(Cathaoirleach Foras na Gaeilge/Comhchathaoirleach  
an Fhorais Teanga)  
Eoghan Mac Cormaic  
(Leas-Chathaoirleach)  
Áine Andrews  
Lucilita Breathnach  
Seanna Breathnach  
Adelaide Nic Cárthaigh  
Máire Gallagher  
Máiréad Nic Giolla Mhichíl  
Liam Kennedy  
Norman Henry  
Éamonn Kinch  
Marcas Mac Ruairí  
Dónal Ó Béarra  
Pádraic Ó Biadha  
Diarmuid Ó Murchú  
Caoilfhionn Nic Pháidín

## THA BOORD O ULSTÈR-SCOTCH

Mark Thompson  
(Cathaoirleach Tha Boord o Ulstèr-Scotch/  
Comhchathaoirleach An Fhorais Teanga Thuaidh/Theas)  
Ian Adamson  
Dr Aileen Douglas  
Angela Graham  
William Humphrey  
William Leathem  
Jacqui Reed  
William Roulston

## COIMISIÚN AN FHEABHAIL, CHAIRLINN AGUS SHOILSE NA HÉIREANN

Tarlach Ó Crosáin  
(Cathaoirleach)  
Jacqui McConville  
(Leas-Chathaoirleach)  
Enda Bonner  
Brendan Byrne  
John Byrne  
Denis Haughey  
Alan McCulla  
Joe Miller  
John Mulcahy  
Winston Patterson  
Thomas Sloan  
Jim Wilson



## AN COMHLACHT FORBARTHA TRÁDÁLA AGUS GNÓ

David Dobbin  
(Cathaoirleach)

John Fitzgerald  
(Leas-Chathaoirleach)

Brendan Butler

Ray Doherty

Rosaleen Doherty

Seán Gallagher

Jack Gilmour

Hugh Logue

Pádraig MacLochlainn

Patricia McKeown

An Dr. Gerard O'Hare

Tom Scott

## TOURISM IRELAND LIMITED

Hugh Friel  
(Cathaoirleach)

Ciara Boyle  
(Leas-Chathaoirleach)

Brian Ambrose

David Lyle

Robert Manson

Mandy Martin

Bill McGinnis

Tom McGrath

Moira McNamara

John Power

Shaun Quinn

Ann Riordan





